BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL









14-15

www.mic.ul.ie



BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL




# CLÁR AN ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Uachtarán | 2 |
| Brollach an Chathaoirligh | 3 |
| Rialachas | 4 |
| An Tírdhreach Seachtrach | 6 |
| Forbairt an Champais | 8 |
| Buaicphointí | 9 |
| • Cláir | 9 |
| • Tionscadail & Gníomhaíochtaí | 10 |
| • Gradaim & Spriocanna a Baineadh Amach | 13 |
| • Obair Idirnáisiúnta | 15 |
| • Comhdhálacha | 16 |
| • Rannpháirtíocht Pobail & Cultúr | 17 |
| • Cúrsaí Spóirt | 20 |
| • Searmanais Bhronnta | 21 |
| Líon na mBronnta Céimeanna | 23 |
| Líon na Mac Léinn | 24 |
| Úsáid Fuinnimh | 25 |
| Cairt Eagraíochta | 26 |
| Na Cuntais | 27 |

# Réamhrá



An tOllamh Michael A Hayes
**Uachtarán**

Fáilte go dtí Tuarascáil Bhliantúil 2014-2015 do Choláiste Mhuire gan Smál.

Arís, ba bhliain an-tairbheach agus an-rathúil í 2014-2015 do Choláiste Mhuire gan Smál agus sinn ag leanúint ar aghaidh agus ag baint amach na spriocanna atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach 2012-2016.

Roghnaigh mic léinn a bhí sa 4% de na mic léinn a fuair na pointí CAO is airde CMgS mar an chéad rogha coláiste a bhí acu. Mhéadaigh na ceithre chlár fochéime atá againn faoi 13% ó thaobh na n-iarratas de, agus mhéadaigh líon na mac léinn a roghnaigh CMgS mar an chéad rogha le haghaidh oideachais ardleibhéil faoi 16%. Mhéadaigh an Chéim sna Dána atá againn go suntasach faoi 52% mar an chéad rogha agus mar thoradh air sin rinneadh cinneadh líon na n-áiteanna atá ar fáil a mhéadú go dtí 325. Mar thoradh air seo, ba í an bhliain acadúil 2014/2015 an bhliain inar thógamar isteach an líon is airde d'iontrálaithe nua sa chéad bhliain agus chuireamar fáilte roimh níos mó ná 850 mac léinn de chuid na chéad bhliana i mí Mheán Fómhair i rith Sheachtain an Ionduchtaithe. Chuireamar fáilte freisin roimh an gcéad chohórt de mhic léinn ar an gclár Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas, nó an clár MGO, nuair a thug líon iomlán de 100 mac léinn faoin gcúrsa seo a mhaireann dhá bhliain. I mí Mheán Fómhair freisin, cuireadh tús leis an BA foghlaim chumaisc pháirtaimseartha ag Leibhéal 7 sa Chleachtas Luath-Óige, a bheidh á chur ar fáil thar tréimhse ceithre sheimeastar ag Dámh an Oideachais anseo i gCMgS agus Roinn na nEolaíochtaí Sóisialta san Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí.

Tá CMgS fós tiomanta do dhifríocht dhearfach a dhéanamh inár bpobal agus chuige sin ba chúis áthais dúinn fáilte a chur roimh ár dteaghlaigh, ár gcomharsana agus ár gcairde chuig ár gcampas álainn nuair a d'eagraíomar an chéad Lá Oscailte do Theaghlaigh i mí Dheireadh Fómhair. Leanamar ag neartú ár nasc leis an bpobal i gcoitinne freisin tríd an ionchur suntasach a bhí ag CMgS i gclár Chathair Chultúir Luimnigh 2014. Tháinig na mílte cuairteoir go dtí an Coláiste de bharr imeachtaí móra ar nós 'Bliain le Bíobla Naomh Eoin' nuair a d'fhreastail siad ar cheardlanna ealaíne agus callagrafaíochta, léachtaí poiblí agus machnaimh ar na tuiscintí sa Bhíobla. Bhí ról lárnach ag an Amharclann Chrann Teile atá suite i gCMgS, sa mhéid a bhain clár Chathair Náisiúnta Chultúir Luimnigh 2014 amach, agus reachtáil sí go leor imeachtaí mór le rá, agus mar thoradh air seo fógraíodh an Amharclann mar Bhuaiteoir an Ghradaim Réigiúnaigh 2014 de Chuid Chomhlachas Luimnigh sa Chatagóir Spóirt, Ealaíne & Cultúir.

I mbliana freisin leanadh ar aghaidh le spiorad na comhpháirtíochta a bhí an-dearfach laistigh de Chuibhreannas Shionainne nuair a rinne dul chun cinn suntasach ar an bhforbairt ar an Institiúid Náisiúnta um Staidéar san Oideachas (INSO), ar chruthú Scoile Iarchéime Cónasctha, ar phleanáil acadúil réigiúnach agus ar an bhforbairt ar chlár 'BA Luimnigh' sna Daonnachtaí.

Reáchtáladh líon fóram, siompóisiam agus comhdhálacha mór le rá sa Choláiste i mbliana, agus bhí ionchur ag gach ceann díobh i bhfís CMgS maidir le bheith mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama ardleibhéal agus taighde den scoth ar fáil. Chuir na himeachtaí seo leis an aidhm atá againn le bheith aitheanta agus le go mbeidh meas orainn as ucht an ionchuir riachtanaigh a dhéanamh i leanúntas um sholáthar acadúil trí chomhoibriú go héifeachtach agus go fiúntach lena chomhpháirtithe san earnáil ardoideachais.

Tá tuilleadh eolais maidir le gach rud thuasluaite le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil agam go mbeidh an t-eolas laistigh spéisiúil agus faisnéiseach duit agus muid ag obair i dtreo na cuspóirí agus spriocanna dár bPlean Straitéiseach 2012-2016 a bhaint amach.



**An tOllamh Michael A Hayes**
Uachtarán

# Brollach

An tEaspag Brendan Leahy
**Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe**



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil CMgS 2014-2015 a chur faoi bhur mbráid.

Léiríonn an leibhéal ard den mhéid a baineadh amach atá taifeadadh sa tuarascáil seo leibhéal tiomantais CMgS i dtreo gradaim acadúil agus taithí na mac léinn uile atá ar ardchaighdeán atá mar an tsaintréith is suntasaí atá againn.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis na baill uile de phobal an Choláiste a leanann ar aghaidh i gcónaí le clú a thar-raingt ar an gColáiste seo mar áit ina gcuireann an díograis aonair leis an gcomhaidhm. Cé gur fíor é gurb iad na mic léinn croílár de gach rud a dhéanaimid, is é an acmhainn is fiúntaí atá againn ná ár mbaill foirne, na baill foirne acadúla agus de chuid na seirbhísí gairmiúla araon. Mar gheall ar an tiomantas seo don chomhoibriú, cruthaitheacht agus nuálaíocht, baineadh an méid sin amach a bhí an-suntasach in 2014-15.

Táim an-dóchasach go leanfar ar aghaidh an bhliain seo chugainn sa chaoi chéanna, agus sinn i gcónaí ag neartú chultúr CMgS sa teagasc agus foghlaim atá ar ardchaighdeán agus sa bharr feabhais san ionad oibre trí spiorad comhpháirtíochta láidir, aontacht na diongbháilteachta agus plé oscailte.

Is mór an onóir dom, mar Chathaoirleach An Bhoird Rialaithe, an Tuarascáil Bhliantúil seo a mholadh.

---

**† Brendan Leahy**
Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe

# RIALACHAS

## IONTAOBHAITHE

Ba iad seo a leanas na hIontaobhaithe don tréimhse seo:
- An tEaspag Brendan Leahy
- An tArdeaspag Dermot Clifford (ar scor Eanáir 2015)
- An tArdeaspag Kieran O'Reilly (a thosaigh i mí Feabhra 2015)
- An tEaspag Raymond Browne
- An Ró-Oirmhinneach, An tAthair Tony Mullins
- An tSiúr Thomasina Finn
- Margaret O'Brien, Uasal
- John Hayden, Uasal (RIP Meitheamh 2015)
- Maedhbh Uí Chiagáin, Uasal

Tháinig na hIontaobhaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:
11 Samhain 2014
20 Eanáir 2015
28 Aibreán 2015
30 Meitheamh 2015
10 Lúnasa 2015

## AN BORD RIALAITHE

Ba é seo a leanas ballraíocht An Bhoird Rialaithe don tréimhse seo:
- An tEaspag Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An tOllamh Michael A Hayes
- An tOllamh Eugene Wall
- John Coady, Uasal
- Caitríona Breathnach, Uasal
- Mairéad Horan, Uasal
- Catherine Kelly, Uasal
- Áine Lawlor, Uasal
- Declan Madden, Uasal
- An tUrramach Tony Mullins
- Conn Murray, Uasal
- Seán McMahon, Uasal
- Margaret O'Brien, Uasal
- An Dr Nicholas O'Brien
- An Breitheamh Tom O'Donnell
- Fachtna O'Driscoll, Uasal
- An tSiúr Michele O'Kelly
- Eamon Stack, Uasal
- Niall Carmody, Uasal*
- Jack Daly, Uasal*

** Ceaptha mar Ionadaithe na Mac Léinn, athraíonn Uachtarán & Leas-Uachtarán MISU i gcomhréir le Toghcháin Bhliantúla Aontas na Mac Léinn.*

Tháinig AN BORD RIALAITHE le chéile ar na dátaí seo a leanas:
8 Deireadh Fómhair 2014 (nuair a bhí an Grúpa Pleanála Straitéisí in éineacht leo le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas go dtí seo de PS 2012-2016)
17 Nollaig 2014
18 Márta 2015
10 Meitheamh 2015

## AN FHOIREANN FHEIDHMIÚCHÁIN

Gníomhaíonn an Fhoireann Fheidhmiúcháin mar ghrúpa comhairleach don Uachtarán do bhainistíocht laethúil an Choláiste. San áireamh san Fhoireann Fheidhmiúcháin tá baill de ghrúpa ardbhainistíochta an Choláiste, atá ceaptha díreach ag an Uachtarán.

Ballraíocht
- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla
- John Coady, Uasal, Leas-Uachtarán ar Riarachán & Airgeadas
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán
- An tOllamh Michael Healy, Leas-Uachtarán Comhlach ar Thaighde
- An tOllamh Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach ar Riarachán

Tháinig an Fhoireann Fheidhmiúcháin le chéile ar na dátaí seo a leanas le linn na tréimhse seo:
11 Meán Fómhair 2014
29 Meán Fómhair 2014
22 Deireadh Fómhair 2014
14 Samhain 2014
3 Nollaig 2014
23 Eanáir 2015
12 Feabhra 2015
6 Márta 2015
26 Márta 2015
23 Aibreán 2015
14 Bealtaine 2015
5 Meitheamh 2015
25 Meitheamh 2015

## AN BORD ACADÚIL - BA

Ballraíocht
- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán
- An tOllamh Michael Healy, Leas-Uachtarán Comhlach ar Thaighde
- An tOllamh Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach ar Riarachán
- An Dr Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- An tOllamh Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime
- An Dr Eugene O Brien – Ceann Roinn Theanga & Litríocht an Bhéarla
- An Dr Löic Guyon – Ceann Roinn na Fraincise
- Máire Ní Neachtain, Uasal – Ceann Roinn na Gaeilge



- An tOllamh Des McCafferty – Ceann Roinn na Tíreolaíochta
- An Dr Christiane Schönfeld – Ceann Staidéar na Gearmáinise
- An Dr Liam Chambers – Ceann Roinn na Staire
- Diarmuid O'Driscoll, Uasal – Ceann Roinn na Matamaitice agus Staidéar Ríomhaireachta
- An Dr Rosemary Day – Ceann Roinn Staidéar na Meán & Cumarsáide
- An Dr Gareth Cox – Ceann Roinn an Cheoil
- An Dr Kerry Greer, Ceann Gníomhach Roinn na Síceolaíochta
- An Dr Niall Keane – Ceann Roinn na Fealsúnachta
- An tOllamh Eamonn Conway – Ceann na Staidéar Diagachta & Reiligúnach
- An Dr Angela Canny, Déan Cúnta an Oideachais
- An Dr Deirdre Ní Chróinín – Ceann Gníomhach Roinn na nEalaíon, an Oideachais agus an Chorpoideachais
- Seán De Brún, Uasal – Ceann Roinn na Teanga, Litearthachta agus Matamaitice
- An Dr Carol O'Sullivan – Ceann Roinn na Foghlama, na Sochaí agus an Oideachais Reiligiúnaigh
- An Dr Emer Ring – Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus na Staidéar Luath-Óige
- An Dr Patricia Daly – Ceann Roinn an Oideachais Speisialta
- An Dr Cathal de Paor – Stiúrthóir ar Fhorbairt Leanúnach & Ghairmiúil
- Neil Ó Conaill, Uasal – Stiúrthóir ar Shocrúchán Scoile
- Rory McGann, Uasal – Stiúrthóir Gníomhach, Aonad um Fhorbairt Churaclaim
- An Dr Anne O'Keeffe – Stiúrthóir ar Theagasc agus Foghlaim
- Marie Ryan, Uasal – Comhordaitheoir Cúrsa, B Oid san Oideachas agus Síceolaíocht
- An Dr John O'Shea – Comhordaitheoir Cúrsa, Clár Bhaitsiléir an Oideachais
- An Dr Eugene Duffy – Léachtóir, Staidéar Diagachta agus Reiligiúnach
- Des Carswell, Uasal – Léachtóir, Oideolaíocht Mhachnamhach agus Staidéar Luath-Óige
- Gerardine Moloney, Uasal - Leabharlannaí
- Niall Carmody, Uasal*
- Jack Daly, Uasal*
- Olivier Ernest, Uasal*

** Ceaptha mar Ionadaithe na Mac Léinn, athraíonn Uachtarán & Leas-Uachtarán MISU i gcomhréir le Toghcháin Bhliantúla Aontas na Mac Léinn.*

Tháinig An Bord Acadúil - BA le chéile ar na dátaí seo a leanas:
24 Meán Fómhair 2014
26 Samhain 2014
21 Eanáir 2015
25 Márta 2015
12 Meitheamh 2015


## GRÚPA COMHAIRLEACH UM PHLEANÁIL STRAITÉISEACH

Ar bhonn ráithiúil, cuireann an tUachtarán Grúpa Comhairleach um Phleanáil Straitéiseach le chéile ina mbíonn ballraíocht níos leithne, lena n-áirítear ardbhainisteoirí a bhíonn ionadaíoch do réimse freagrachtaí feidhmiúla laistigh den Choláiste. Is í aidhm an ghrúpa seo comhairle a chur ar an Uachtarán maidir le stádas chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh reatha (2012-16) trí na Pleananna Oibriúcháin Bliantúla (POBanna), chomh maith le tacaíocht a thabhairt don Uachtarán le fís straitéiseach nua a fhorbairt don tréimhse tar éis 2016.

Ballraíocht
- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla
- John Coady, Uasal, Leas-Uachtarán ar Riarachán & Airgeadas
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Healy, Leas-Uachtarán Comhlach ar Thaighde
- An tOllamh Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach ar Riarachán
- An Dr Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- An tOllamh Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime
- An Dr Anne O'Keeffe, Stiúrthóir ar Theagasc agus Foghlaim
- Frank White, Uasal, Stiúrthóir Acmhainní Daonna
- Michael Keane, Uasal, Stiúrthóir Airgeadais
- Kieran Pearse, Uasal, Stiúrthóir Seirbhísí TFC
- Holly Cowman, Uasal, Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta
- An Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn
- An Dr Maeve Liston, Stiúrthóir na Fiontraíochta agus na Rannpháirtíochta Pobail
- Gerardine Moloney, Leabharlannaí
- Niall Carmody, Uasal, Uachtarán an MISU

Tháinig an Grúpa Comhairleach um Pleanáil Straitéiseach le chéile ar na dátaí seo a leanas:
18 & 23 Meán Fómhair 2014
8 Deireadh Fómhair 2014
3 Nollaig 2014
26 Feabhra 2015
5 Bealtaine 2015

# AN TÍRDHREACH SEACHTRACH



Aontaíodh Comhshocrú Misin Bunaithe ar Fheidhmíocht de chuid an CMgS / UAO leis an UAO, ina raibh CMgS tiomanta do spriocanna a leagan amach go dtí 2016. Tá spriocanna CMgS san áireamh anois i bPlean Oibriúcháin Bliantúil (POB) an Choláiste agus déantar monatóireacht ar an bhfeidhmíocht ar bhonn ráithiúil.

I mí an Mheithimh 2015, chuir CMgS isteach tuarascáil fhéinmheastóireachta inar leagadh amach athbhreithniú ar a chuid feidhmíochta i gcoinne na spriocanna a bhí sa chéad idirlinn, mar a bhí ag deireadh na bliana 2014 agus mar leagan athbhreithnithe de phróifíl 2016/17 CMgS a foilsíodh faoin gcéad tsraith.

Lean Cuibhreannas Shionainne/Cnuasach an Iarthair-Láir (ina bhfuil Coláiste Mhuire Gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh san áireamh) ag obair i gcomhar lena chéile chun tacaíocht a thabhairt do na príomhaidhmeanna a baineadh amach do ghníomhaíocht cnuasaigh ardoideachais réigiúnaigh i gcomhréir le polasaí an Rialtais, agus mar thoradh air sin chonacthas é mar phríomheiseamláir a dtugann an Rialtas 'cnuasach réigiúnach' d'institiúidí ardoideachais uirthi. Le linn na tréimhse lean an cuibhreannas ag déanamh dul chun cinn ar na spriocanna tosaíochta mar a bhí comhaontaithe ag an UAO, lena n-áirítear:

- Forbairt ar an Institiúid Náisiúnta um Staidéar san Oideachas
- Bunú Scoil Iarchéime Cónasctha Luimnigh
- Bunú BA idir CMgS agus UL
- Tuarascáil mhapála ar an soláthar fochéimí Cnuasaigh

Cheap Grúpa Stiúrtha Chuibhreannas Shionainne Seán Burke, Uasal, mar an Cathaoirleach ar an Institiúid Náisiúnta um Staidéar san Oideachas (INSO) agus bhí an cruinniú tionscnaimh aici ar an 26 Meán Fómhair 2014.

Rinne Cuibhreannas Shionainne/Cnuasach an Iarthair-Láir dhá aighneacht faoi dhá éileamh ar leith ar mhaoiniúchán ón HEA. Bhí an chéad éileamh ar mhaoiniú le haghaidh comhoibrithe agus bhí €2 mhilliún ar fáil don éileamh seo, faoinar bronnadh €50,000 ar an gCnuasach. Bhí an dara héileamh le haghaidh aighneachtaí ó chnuasaigh réigiúnacha le haghaidh tacaíochta maoinithe, agus bronnadh €65,100 ar Chnuasach Réigiúnach an Iarthair-Láir.

Lean an plé ar aghaidh idir Dámh na nDán, CMgS agus Dámh na nDán, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, UL, maidir le comhchlár céime BA CMgS/OL a bhunú. Choimisiúnaigh CMgS Staidéar Féidearthachta le bheith déanta ar an gcomhchlár acadúil atá beartaithe, agus ba é an cuspóir ná scrúdú a dhéanamh ar an éifeacht den chlár nua atá beartaithe ar struchtúir agus socruithe an Choláiste atá ann cheana féin agus lena fháil amach an bhfuil an coincheap beartaithe inmharthana ó thaobh cúrsaí margaíochta, eagraíochtúla, teicniúla agus airgeadais.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar bhunú Fhóram Páirtithe Leasmhara Seachtracha Chuibhreannas Shionainne d'fhon tógáil ar Chairt Luimnigh 2013 agus chun cur leis an gcaidreamh idir Cuibhreannas Shionainne agus cúrsaí rialaithe agus gnó sa réigiún.



# FORBAIRT AN CHAMPAIS


Teach O'Dwyer


Foscadán Rothar


Cumhdach Cloiche Halla


Fáiltiú na Leabharlainne


Oifig Idirnáisiúnta


Uasghrádú ar Pháirc Imeartha


Uasghrádú ar Pháirc Imeartha


I rith mhíonna an tsamhraidh rinneadh go leor oibre athchóirithe timpeall an champais lena n-áirítear an cumhdach cloiche a chur i gcrích timpeall fhoirgneamh an Halla agus cuireadh isteach fuinneoga móra déghloinithe.


I measc na dtionscadal athchóirithe eile bhí feabhsúcháin ar bhonneagar fisiciúil na n-áiseanna ranga, oifigí, leithris agus conairí.

Rudaí nua eile a cuireadh isteach sa champas ná áis shábháilte le rothair a pháirceáil atá go hiomlán faoi fhoscadán agus spás ainmnithe sa charrchlós le nasc chuig aonad luchtaithe leictrigh. Rinneadh uasghrádú ar an dá pháirc imeartha.

I mí an Mheithimh osclaíodh Teach O'Dwyer go hoifigiúil – Áit Chónaithe do Mhic Léinn Idirnáisiúnta – atá ainmnithe i ndiaidh Easpag Luimnigh, a bhunaigh Coláiste Mhuire Gan Smál in éineacht le Siúracha na Trócaire in 1898. Rinneadh athchóiriú ar an teach mar áit chónaithe tógtha de réir ardsonraíochta do mhic léinn idirnáisiúnta ina bhfuil ocht seomra codlata, trí sheomra folctha, agus cistin/seomra bia le roinnt.

Rinneadh dul chun cinn maith ar Thionscadal Forbartha na Leabharlainne le linn na tréimhse seo tar éis Grúpa Comhairle na Leabharlainne a bhunú. Ag obair le Bainisteoir an Tionscadail, chuidigh an grúpa le treoir le haghaidh dearadh a chur le chéile don phróiseas tairisceana le hailtirí a cheapadh. Coimisiúnaíodh foireann faoi threoir ailtire ó Chomhpháirtíocht um Dhearadh Foirgneamh le Staidéar Féidearthachta a dhéanamh agus cuireadh an tuarascáil deiridh ón staidéar i láthair i mí an Mheithimh 2015.


Uasghrádú Leictreach


Tionscadal Forbartha an Leabharlainne

# 14-15 BUAICPHOINTÍ CLÁIR



Sa ghrianghraf ag lainseáil an BA nua ag Leibhéal 7 sa Chleachtas Luath-Óige, tá an Dr Emer Ring, Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Luath-Óige ag CMgS; Deirdre Breatnach, Comhordaitheoir an Chláir, Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Luath-Óige, CMgS; Aisling Sharkey, Roinn na nEolaíochtaí Sóisialta, IT Thrá Lí agus an Dr Oliver Murphy, Roinn na nEolaíochtaí Sóisialta, IT Thrá Lí.

I mí Mheán Fómhair 2014, lainseáladh an BA foghlaim chumaisc pháirtaimseartha ag Leibhéal 7 sa Chleachtas Luath-Óige, a bheidh á chur ar fáil thar tréimhse ceithre sheimeastar ag Dámh an Oideachais anseo in CMgS agus Roinn na nEolaíochtaí Sóisialta san Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Dearadh an BA sa Chleachtas Luath-Óige go háirithe le foireann atá ag obair faoi láthair sa réimse Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), a bhfuil cáilíocht Leibhéal 6 acu i gcúram leanaí.

Chláraigh an chéad chohórt de mhic léinn sa Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) i mí Mheán Fómhair, agus bhí 100 mac léinn a chuir tús le cúrsa dhá bhliana. Cuireadh an clár iarchéime nua-dheartha seo d'oideachas tosaigh múinteoirí isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta le creidiúnú a fháil.



An chéad ghrúpa de rannpháirtithe i mbun an M Oid nua a bhaint amach sa chlár Ceannaireachta agus Bainistíochta Oideachasúla. Sa ghrianghraf tá an grúpa le duine de léachtóirí an chúrsa, múinteoir bunscoile agus abhcóide, Anne McElduff (an tríú duine ó thaobh na láimhe deise) agus comhordaitheoirí an chúrsa John O'Shea (ar chlé) agus Eilís O'Sullivan (ar dheis)

Chláraigh an Mháistreacht san Oideachas sa Cheannaireacht agus Bainistíocht Oideachasúil a céad chohórt de mhic léinn ina raibh 15 mhac léinn ón earnáil bhunscoile agus ón earnáil iarbhunscoile ag tabhairt faoin gclár.

Thosaigh an Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosaigh agus sa Bhreisoideachas, clár oideachas múinteoirí don mhúinteoirí sa Bhreisoideachas, i mbliana, agus bhí cohórt de 23 mac léinn ann.




Sa ghrianghraf ag lainseáil an Chlár Réamh-Ollscoile CMgS i gcomhar le Grúpa Seirbhísí Pobail Mhuire Lourdes bhí (ó chlé go deas): An tOll. Gary O'Brien (Leas-Uachtarán Comhlach ar Riarachán, CMgS); Lee-Ann Purcell (CEO, OLOL SCG); An Dr Geraldine Brosnan (Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn, CMgS); An Dr Brian Clancy (Ionad Foghlama Acadúla, CMgS); Robert Graham (Seirbhísí Óige Luimnigh); Gillian Jonker (Comhordaitheoir Oideachas Aosaigh, OLOL, SCG).


Sa bhliain acadúil seo freisin athlainseáladh Clár réamh-Ollscoile CMgS (CRO), clár rochtana a chuirtear ar fáil sa phobal, atá deartha leis an mbearna a líonadh idir tionscnaimh oideachais phobalbhunaithe agus oideachas tríú leibhéal trí cohórt de rannpháirtithe a uas-sciliú atá aitheanta ag ár gcomhpháirtí oideachais pobail. Bhí an clár curtha ar fáil ag CMgS roimhe seo sa Chaisleán Nua Thiar agus i gCill Mocheallóg, i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Contae Luimnigh, agus in Inis, i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Contae an Chláir. Tá an clár reatha á chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le Grúpa Seirbhísí Pobail Mhuire Lourdes, grúpa pobail atá lonnaithe i gcroílár Bhéal Átha na Cora (Weston), ceann amháin de na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

# 14-15 BUAICPHOINTI
## TIONSCADAIL & GNÍOMHAÍOCHTAÍ



Sa ghrianghraf ag fógairt QUAKE bhí (ó chlé go deas): An Dr Emer Ring, Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Luath-Óige; An Dr Cathal de Paor, Stiúrthóir ar Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil agus an té a bhí freagrach as tús a chur leis an togra seo; An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS agus an tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais in CMgS.

### QUAKE
Bronnadh maoiniú Eorpach de níos mó ná €350,000 ar CMgS chun tabhairt faoi thionscadal i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí sa Bhreisoideachas. Tá an tionscadal, atá maoinithe faoin Erasmus Plus (an clár AE nua don Oideachas, Oiliúint, Óige agus Spórt do 2014-2020) á bhainistiú in Éirinn ag Léargas thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh. Beidh comhpháirtíocht straitéiseach thar trí bliana i gceist leis an obair, agus beidh seacht gcomhpháirtí as cúig thír éagsúla páirteach ann. Beidh CMgS i mbun an tionscadail, ar a dtugtar QUAKE (Eolas ar Cháilíochtaí ECVET), agus beidh sé ag obair faoi Léargas agus faoin gCoimisiún Eorpach agus beidh gníomhaíochtaí éagsúla á gcomhordú aige. Sa chuibhreannas, ina bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir mar chomhpháirtíocht tionscadal, tugtar le chéile trí aireacht Rialtais, dhá institiúid ardoideachais, agus dhá sholáthraí breisoideachais agus oiliúna. Tá Plean Straitéiseach CMgS 2012-2016 tiomanta do dhifríocht dhearfach a dhéanamh inár bpobal, go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus tugann an tionscadal seo cuidiú níos mó do CMgS a sprioc maidir le comhtháthú níos fearr agus aitheantas níos feiceálaí a bhaint amach laistigh de na fóraim áitiúla, réigiúnacha, shóisialta, chultúrtha, chathartha agus rialaithe.



### Aip
Lainseáil CMgS a chéad aip dhigiteach, a chuireann tairseach mhóibíleach ar fáil faoi eolas, nuacht agus acmhainní a bhaineann leis an gcoláiste. Cuireann an Aip atá saor in aisce, atá ar fáil d'fhóin Apple agus Android, an nuacht agus eolas is déanaí ar fáil maidir le cúrsaí, áiseanna, nuacht agus imeachtaí de chuid CMgS agus ní gá ach cnaipe a bhrú chun é a fháil. De réir Phlean Straitéiseach CMgS 2012-2016 tá an Coláiste tiomanta chun *"feabhas suntasach a dhéanamh ar chumarsáid na mac léinn"* agus is mór an cuidiú é an Aip seo leis an sprioc seo a bhaint amach mar go mbeidh na mic léinn in ann rochtain láithreach a dhéanamh ar eolas atá tábhachtach dóibh an t-am ar fad.



Sa ghrianghraf ag lainseáil na hInstitiúide um Léann Éireannach i gColáiste Mhuire Gan Smál i mí Feabhra bhí (líne ar chúl, ó chlé go deas): An Dr Eugene O'Brien, Stiúrthóir ar an Institiúid um Léann Éireannach, CMgS; An tOll. Michael Healy, Leas-Uachtarán ar Thaighde, CMgS; An tOll. Michael A Hayes, Uachtarán Choláiste Mhuire Gan Smál; Jim Rogers Ollscoil St Thomas, Minnesota agus an tOll. Michael Breen, Déan na nEalaíon, CMgS. (Líne tosaigh, ó chlé go deas: Roibeard Ó Cathasaigh, CMgS; An tOll. Anne Fogarty, Staidéar James Joyce, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus an tOll. Brian Ó Conchubhair, Ollscoil Notre Dame

### IIS
I mí Feabhra 2015, lainseáil an tOllamh Brian Ó Conchubhair, Comhlach den Institiúid Keough-Naughton um Léann Éireannach in Ollscoil Notre Dame, Uachtarán Chomhdháil Mheiriceá um Léann Éireannach chomh maith le bheith mar alumnus bródúil de CMgS, an Institiúid um Léann Éireannach (IIS) i gCMgS, agus is é An Dr Eugene O'Brien an Stiúrthóir. Is é aidhm na hinstitiúide ná grúpa de scoláirí, de dhaoine acadúla agus múinteoirí a chruthú ina mbunófar CMgS mar áit do stíl ar leith de Léann Éireannach atá difriúil le cláir eile sa cheantar.



Sa ghrianghraf ag an gcur i láthair dá gcuid torthaí taighde in Cambridge bhí an taighdeoir an Dr Anne O'Keeffe, CMgS; Ben Knight, Stiúrthóir ar Thaighde agus Comhairleoireacht Teanga, Cambridge University Press agus Geraldine Mark, taighdeoir agus Bainisteoir Acadúil, Coláiste Gloucestershire.

## The English Profile

Chomh maith leis sin, i mí Feabhra, lainseáil an Dr Anne O'Keeffe, Stiúrthóir ar Theagasc agus Foghlaim, in éineacht le comhthaighdeoir Geraldine Mark, Bainisteoir Acadúil, Gloucestershire College; na torthaí maidir lena staidéar taighde turgnamhach a mhair ceithre bliana mar chuid de thionscadal Ollscoil Cambridge ar mhór-scála dar teideal 'The English Profile'. Is comhchlár é an tionscadal a d'fhaomh Comhairle na hEorpa, a bhí deartha chun próifíl nó sraith de Thuairiscí Leibhéal Tagartha don Bhéarla. Beidh éifeacht dhomhanda ar na torthaí a fuair siad agus d'fhéadfadh athchalabrú a bheith déanta ar shiollabais ghramadach an Bhéarla ar fud an Chomhchreata Eorpach um Thagairt do Theangacha (CEFR).




Sa ghrianghraf ag Lainseáil na Tuarascála um Ghluaiseacht Neamhspleách Leanaí, a bhí ar siúl i mí an Mhárta, bhí an tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; Alanna O'Beirne, CMgS, comhúdar na tuarascála; An tAire Oideachais & Scileanna, Jan O'Sullivan agus an Dr Brendan O'Keeffe, comhúdar na tuarascála.

## Gluaiseacht Leanaí in Éirinn

Ba é seo an chéad staidéar Éireannach a rinneadh chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal na saoirse a bhíonn ag leanaí chun turais a dhéanamh ina n-aonar – a gceadúnas gluaiseachta. Bhí an staidéar mar chuid de thionscnaimh taighde idirnáisiúnta i 16 thír, agus roghnaíodh CMgS leis an taighde a dhéanamh d'Éirinn, agus bhí na hiarrachtaí ar fad á gcomhordú ag an Institiúid um Staidéar ar Pholasaithe (PSI) i Londain. Bhí leanaí agus tuismitheoirí as 25 scoil ar fud na hÉireann ar fad rannpháirteach sa staidéar agus bhí 2,228 leanbh agus daoine óga, idir seacht mbliana d'aois agus 15 bliana d'aois, a líon isteach ceistiúchán suirbhé a rinne iniúchadh ar na patrúin agus leibhéil taistil d'fhéinriail phearsanta. Chomh maith leis sin, líon 1,695 dá dtuismitheoirí nó caomhnóirí isteach ceistiúchán a bhí in éineacht leis maidir le saincheisteanna den chineál céanna.

## Seomra Ranga an Stiúideo

Chuir Tionscadal TED [Claochlú an Oideachais trí Chomhphlé] de chuid CMgS, i gcomhar le Anne-Marie Morrin, Oideachas na bhFísealaíon, CMgS, tionscnamh ealaíne um fhoghlaim chumaisc ar fáil ar bhonn píolótach a mhair sé seachtaine i dtrí scoil líonra de chuid PLUS ó mhí Feabhra go dtí mí Aibreáin 2015. Is iad seo a leanas na scoileanna a bhí rannpháirteach: SN Mhuire Lourdes, Bunscoil na Toirbheart agus SN Mhuire. An aidhm a bhí ag an tionscnamh ná forbairt a dhéanamh ar an taithí foghlama cumaisc i scoileanna DEIS, ag díriú ar thaithí teagaisc agus foghlama ealaíontóirí, leanaí agus múinteoirí trí chónaitheachtaí ar líne.



Sa ghrianghraf ag lainseáil na hInstitiúide um Polasaithe Oideachais & Sóisialta [PRISEM] i gCMgS bhí (ó chlé go deas): An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach ar Thaighde; An tOll. James Williams, Ollamh Taighde ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta; An tOll. Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; An Dr Aisling Leavy, Léachtóir in Oideachas na Matamaitice agus an Dr. Brendan O'Keeffe, Roinn na Tíreolaíochta.

## PRISEM

I gcomhréir le Plean Straitéiseach CMgS 2012 – 2016, ina bhfuil an Coláiste tiomanta d'institiúidí taighde éagsúla a bhunú, bunaíodh an Institiúid um Staidéar Polasaithe Oideachais & Sóisialta [PRISEM] chun dul chun cinn a dhéanamh ar thaighde maidir le polasaithe reatha oideachais agus sóisialta, le heolas agus dea-chleachtas a chothú, leis an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus leis an mbarr feabhais i gcúrsaí oideachais a chur ar fáil.



An Dr Elaine Murtagh

## Bí Gníomhach

Lainseáladh tuarascáil taighde ollmhór dar teideal 'Bí Gníomhach', a bhí faoi cheannas an Dochtúra Elaine Murtagh, léachtóir sa Chorpoideachas in CMgS, agus a bhí maoinithe ag an Ionad um Thaighde agus Forbairt ar an Aosú in Éirinn, i mí an Mheithimh. Rinne an staidéar, ag baint úsáid as sonraí ó 12,333 duine fásta a bhí 60+ bliana d'aois, staidéar ar an ngaol idir an tsláinte agus an ghníomhaíocht choirp i measc daoine níos sine.

# **14-15**BUAICPHOINTI



Sa ghrianghraf: Ghlac 25 teagascóir aosaigh páirt sa tionscadal Oideachais Aosaigh Little Voices agus fuair siad a teastais ag searmanas bronnta a bhí ar siúl in CMgS ar an 26 Samhain.

## Tionscadal Oideachais Aosaigh 'Little Voices'


Mar chuid den Tionscadal Oideachais Aosaigh 'Little Voices', d'fhorbair an tIonad um Thaighde Luath-Óige i gCMgS (CERAMIC) sraith de cheardlanna faoi cheannasaíocht Dheirdre Breathnach, CMgS, agus cuireadh iad ar fáil thar tréimhse sé seachtaine ar bhonn 'pro bono' do 25 rannpháirtí. Tá 'Little Voices' mar chuid de Thionscadal Foghlama Teaghlaigh nuálach, agus is é an aidhm iomlán atá aige ná tionscadal taispeána a fhorbairt chun feabhas a chur na torthaí i bhforbairt urlabhra agus sa réamhlitearthacht i measc leanaí atá idir 0 – 4 bliana d'aois ar an taobh ó thuaidh de Chathair Luimnigh. Sna ceardlanna CERAMIC, díríodh ar theagascóirí foghlama aosaigh a chur ar fáil, as Seirbhís Oideachais Aosaigh Luimnigh (LAES), agus bhí ionchur ann maidir le straitéisí chun tacú le tuismitheoirí le scileanna urlabhra a leanaí a fhorbairt sna luathbhlianta.





## Seachtain na hEolaíochta

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na hEolaíochta 2014 reachtáil CMgS ceardlanna eolaíochta idirghníomhacha le haghaidh 260 leanaí bunscoile thar tréimhse dhá sheachtain ón 12 – 21 Samhain. An cuspóir a bhaineann le Seachtain na hEolaíochta ná an tábhacht a bhaineann le heolaíocht, agus chun an tábhacht a bhaineann leo a léiriú do thodhchaí shochaí agus gheilleagar na hÉireann. An téama a bhí ann i mbliana ná 'Cumhacht na hEolaíochta'.



An Dr Suzanne Egan

## ESS

I staidéar nua a rinne taighdeoirí ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, faoi cheannas léachtóra síceolaíochta CMgS, an Dr Suzanne Egan, fuarthas amach nuair a rinneadh imscrúdú ar na héifeachtaí d'idirghníomhuithe éagsúla teangabhunaithe idir tuismitheoirí agus a naíonáin go raibh sé níos fearr labhairt le do leanbh ó thaobh scileanna cumarsáide seachas bheith ag léamh do leanaí.




An tOllamh Michael A Hayes (sa lár) sa ghrianghraf le húdair Bua na Cainte, Seán de Brún agus Martina Ní Fhátharta.

## Bua na Cainte

I mí an Mheithimh lainseáladh clár Gaeilge idirghníomhach ar líne dar teideal Bua na Cainte. Agus é scríofa ag léachtóirí CMgS Martina Ní Fhátharta agus Seán de Brún (Roinn na Teanga, Litearthachta & Mata-maitice, Coláiste Mhuire Gan Smál), is é Bua na Cainte an t-aon clár Gaeilge atá go hiomlán idirghníomhach, a úsáideann acmhainní digiteacha nuálacha, do leanaí bunscoile in Éirinn. Sa chur chuige nua seo i dtreo Gaeilge a fhoghlaim, tá gníomhaíochtaí agus cluichí digiteacha a dhíríonn ar leanaí, réimse cuimsitheach d'amhráin, dánta agus scéalta a bheadh oiriúnach do gach téama, ceachtanna idirghníomhacha laethúla agus beochaintí chun beocht a chur i bhfoghlaim agus teagasc araon de chuid na Gaeilge.

# GRADAIM AGUS NA SPRIOCANNA A BAINEADH AMACH



Sa Ghrianghraf (ó chlé go deas): Uachtarán an USI, Laura Harmon; An tAire Oideachais & Scileanna Jan O'Sullivan, Uasal, TD; Buaiteoirí Ghradam na Laochra Teagaisc, An Dr Mary Moloney, Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Luath-Óige, CMgS agus Diarmuid O'Driscoll, Ceann na Matamaitice agus Staidéar Ríomhaireachta, CMgS; Pátrún an Fhóraim Náisiúnta, An tOll. Máire Mhic Giolla Íosa agus Cathaoirleach an Fhóraim Náisiúnta um Fheabhsú ar Theagasc agus Foghlaim san Ardoideachas, an tOll. Sarah Moore.

Fógraíodh an Dr Mary Moloney, Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Luath-Óige agus Diarmuid O'Driscoll, Roinn na Matamaitice agus Staidéar Ríomhaireachta, CMgS, mar Bhuaiteoirí Ghradam na Laochra Teagaisc 2014. Bhunaigh an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú ar Theagasc agus Foghlaim san Ardoideachas Gradaim Náisiúnta na Laochra Teagaisc i gcomhpháirtíocht le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) agus comhlachtaí mac léinn eile. Sa chóras gradaim nua seo déantar iniúchadh ar pheirspictíochtaí féin na mac léinn maidir le cad a chiallaíonn teagasc den scoth dóibh agus is é seo an chéad cheann dá leithéid san ardoideachas in Éirinn.




An Dr Ailbhe Kenny

Bronnadh Scoláireacht Fulbright a bhfuil ardmheas air ar an Dr Ailbhe Kenny, léachtóir in Oideachas an Cheoil don Bhliain Acadúil 2014-15, in Ollscoil Nua-Eabhrac agus Coláiste na Múinteoirí, Ollscoil Columbia. An teideal a bhí ar an tionscadal taighde a bhí aici ná 'Ag scrúdú comhpháirtíochtaí idir ceoltóirí agus múinteoirí i scoileanna mar láithreáin de chleachtas dialógach agus athrú oideolaíoch ó bhonn'. Bronnadh an chéad Sparánacht Baill Foirne de chuid an Uachtaráin ar an Dr Kenny freisin as ucht Gradaim Gaisce Acadúil.



An Dr Catherine Kavanagh

Tairgeadh Comhaltacht seimeastair don Dr Catherine Kavanagh in Institiúid Notre Dame um Ardléann (mí Lúnasa 2014 go dtí Nollaig 2014), agus is é an teideal a bhí air ná Comhalta Oirirce d'Institiúid Notre Dame um Ardléann.



An Dr Rosemary Day

Ceapadh an Dr Rosemary Day, Ceann Staidéar na Meán & Cumarsáide, ar bhord Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI). Agus é bunaithe in 2009, tá an BAI freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóirí de chuid na seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht um Chraolachán 2009.



An tOll. Michael Breen

Toghadh an tOll Michael Breen, Déan na nDán, mar Chathaoirleach an Tionóil Ghinearálta, Suirbhé Sóisialta Eorpach, ar feadh tréimhse ceithre bliana. Toghadh é freisin mar Chathaoirleach an Tionóil Ghinearálta, Staidéar Eorpach ar Luachanna ar feadh tréimhse ceithre bliana.



An tOll. Teresa O'Doherty

Cheap an tAire Oideachais & Scileanna an tOll. Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais, ar Bhord Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Is é an CSS comhlacht reachtúil, scoite ón Roinn Oideachais agus Scileanna, atá freagrach as feidhmiú an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.

# 14-15BUAICPHOINTI



An Dr Michael Finneran

Cheap an tAire Oideachais & Scileanna an Dr Michael Finneran, Léachtóir Sinsearach i nDrámaíocht, ar an nGrúpa Ardleibhéal Forfheidhmithe do na hEalaíona sa Chairt Oideachais. Sa Chairt do na hEalaíona i gcúrsaí Oideachais – a chomhsholáthair an Roinn Oideachais & Scileanna agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta – luaitear ann go sonrach an tiomantas atá ann leis na healaíona a chur ar an leibhéal céanna le hábhair eile mar chroílár an chórais oideachais. Ceapadh an Grúpa Ardleibhéal Forfheidhmithe leis an méid a baineadh amach agus cuspóirí na dtiomantas mar atá leagtha amach sa Chairt a chur chun cinn.



An Dr Anne Dolan

Bronnadh Gradam Airgid Fhoilsitheoirí an Chumainn Tíreolaíochta 2015 ar an Dr Anne Dolan, léachtóir sa Tíreolaíocht Bunscoile, as ucht an leabhar a d'fhoilsigh sí – *You, Me and Diversity:* leabhair pictiúr d'fhorbairt an teagaisc agus oideachas idirchultúrtha. Cuireadh an leabhar ar an ngearrliosta freisin do Ghradam Leabhar Acadúil 2015 de chuid Chumann Litearthachta na Ríochta Aontaithe (UKLA) a bhfuil an-mheas air



An Dr Jennifer Pope



Niamh Armstrong

Tugadh urraim don Dr Jennifer Pope, léachtóir san Oideolaíocht Mhachnamhach agus Staidéar Luath-Óige agus Niamh Armstrong, Uasal, de Roinn na Matamaitice & Staidéar Ríomhaireachta, as ucht a mbarr feabhais sa teagasc ag Gradaim Barr Feabhais Teagaisc Réigiúnacha Chuibhreannas Shionainne.



An Dr Noel O'Connell

D'éirigh leis an gcéimí PhD, an Dr Noel O'Connell, ina iarratas don Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta de chuid Rialtas na hÉireann a bhfuil meas ollmhór air, dá thionscadal 'Belonging: An auto ethnography of a life in sign language'; agus ba é seo an chéad uair ar éirigh leis an gColáiste sa chomórtas mór le rá seo.

Bronnadh Scoláireacht Rialtas na hÉireann ar mhac léinn taighde PhD, Maryanne Lowney, chun staidéar a dhéanamh sa réimse de chur chun cinn meabhairshláinte i scoileanna.



AnneMarie Brosnan

Bronnadh scoláireacht Fullbright ar AnneMarie Brosnan, mac léinn dochtúireachta staire chun taisteal go North Carolina, ina ndearna sí taighde cartlainne in Ollscoil North Caroline, Chapel Hill, chun iniúchadh a dhéanamh ar fhás agus fhorbairt an oideachais Mheiriceánaigh Afracaigh in North Carolina le linn na tréimhse 1861-1876.




Ó chlé go deas: Cathal Treacy, Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Luimnigh; Louise Donlon, Bainisteoir Ginearálta Amharclann Chrann Teile; Clive Bellows, Northern Trust; agus Gillian Fenton, Bainisteoir Margaíochta Amharclann Chrann Teile.

Ba é Amharclann Chrann Teile, atá suite i gCMgS, Buaiteoir an Ghradaim Réigiúnaigh 2014 de Chuid Chomhlachas Luimnigh sa chatagóir Spóirt, Ealaíne & Cultúir. Is éacht den scoth é seo don chompántas a d'oscail a doirse níos lú ná dhá bhliain ó shin.

# FORBAIRT AR OBAIR IDIRNÁISIÚNTA



Gearrann Easpag Luimnigh, an Ró-Oirmhinneach Brendan Leahy, an ribín chun Teach O'Dwyer a oscailt go hoifigiúil, áit chónaithe do mhic léinn idirnáisiúnta i gCMgS.





Mic léinn idirnáisiúnta Mauricio Jardim, Fred Nesti Lopes (An Bhrasaíl), Victor Walzebuck (Stáit Aontaithe Mheiriceá), Tainá Maciel, Pedro Quesada, Paulo Oliveira (An Bhrasaíl) ag socrú isteach i dTeach O'Dwyer.

National Award for Student Satisfaction 2014 WINNER

Leanann Oifig Idirnáisiúnta CMgS ag dul ó neart go neart de réir mar a fhorbraíonn an Coláiste Meabhrán Tuisceana (MT) le líon institiúidí mór le rá ar fud an domhain lena n-áirítear stáit éagsúla sa Bhrasaíl, a bhfuil fonn mór orthu comhoibriú a dhéanamh le CMgS thar réimse de thionscnaimh taighde agus teagaisc. San áireamh anseo bhí an Ollscoil Chaitliceach Phontaifiúil de Sao Paulo agus an Ollscoil Chaitliceach Phontaifiúil de Rio Grande de Sul. Ghníomhaigh CMgS ar ghlao le haghaidh tograí chun scoláirí Rialtas na hÉireann as an mBrasaíl a óstáil ar feadh bliain amháin agus léirigh sé spéis múinteoirí Brasaíleacha de chuid STEM agus múinteoirí Béarla a óstáil le haghaidh cúrsaí gearra le huas-sciliú a dhéanamh mar chuid de thionscnamh maoinithe ag Rialtas na Brasaíle.

Shínigh CMgS MTanna freisin le hollscoileanna áirithe tábhachtacha atá suite go straitéiseach i Stáit Aontaithe Mheiriceá lena n-áirítear Ollscoil Pheadair, New Jersey; Ollscoil Salve Regina, Rhode Island agus Coláiste St Thomas Aquinas, Nua-Eabhrac.

Roghnaigh Seó Bóthair Ardoideachais na hEorpa Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, chun cuairt a thabhairt ar ocht ollscoil sa Bhrasaíl leis an UAO agus Fiontraíocht Éireann i mí na Bealtaine 2015. Ghlac Holly Cowman, Stiúrthóir ar an Oifig Idirnáisiúnta, an Dr Maeve Liston, Stiúrthóir ar Fhiontraíocht agus Rannpháirtíocht Phobail agus an tOll. Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime páirt sa seó bóthair agus dá bhrí sin thug siad cuairt ar roinnt ollscoileanna Brasaíleacha mór le rá chun plé a dhéanamh maidir le comhoibrithe éagsúla. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an Oifig Idirnáisiúnta ar an gComhdháil NAFSA i mBostún ag deireadh mhí na Bealtaine 2015. Is é is NAFSA ann Cumann na nOideoirí Idirnáisiúnta agus is é an cumann is mó é de dhaoine gairmiúla atá tiomanta díreach leis an ardoideachas idirnáisiúnta a chur chun cinn sa domhan.

D'eagraigh an Oifig Idirnáisiúnta cláir samhraidh faoi cheannas na dáimhe d'ollscoileanna na Stát Aontaithe, lena n-áirítear grúpa oideachais/comhairleoireachta as Ollscoil of Louisville, Kentucky, grúpaí rannpháirtíochta pobail/foghlama seirbhíse as Ollscoil Seton Hall, New Jersey agus Ollscoil Gannon agus grúpa Staidéar na Meán & Cumarsáide as Ollscoil West Chester, Pennsylvania.

Osclaíodh Teach O'Dwyer, teach atá athchóirithe go hiomlán ina bhfuil ocht seomra codlata ar Ascaill Chill Dhéagláin agus atá dírithe ar áit chónaithe a chur ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta, go hoifigiúil i rith na bliana. Tháinig na chéad daoine ar fad a bhí ina gcónaí ann as an mBrasaíl, agus bhí siad ag staidéar i gCMgS ar scoláireachtaí 'Eolaíocht gan Teorainneacha', tionscnamh a mhaoinigh gníomhaireacht rialtais na Brasaíle, CAPES.

Sa tréimhse seo freisin bronnadh Gradam um Shástacht Shármhaith na Mac Léinn Idirnáisiúnta 2014 agus Bonn Óir le StudyPortals, suíomh gréasáin arb é an t-ardán um Rogha Staidéar Idirnáisiúnta inar féidir teacht ar chláir céime idirnáisiúnta agus iad a chur i gcomparáid a chéile ar leibhéal idirnáisiúnta.

Tá na gradaim bunaithe ar na mílte d'athbhreithnithe agus tuairimí ó mhic léinn idirnáisiúnta atá ag staidéar san Eoraip. I measc institiúidí tríú leibhéal na hÉireann a fuair dóthain athbhreithnithe le bheith incháilithe le haghaidh na ngradam, fuair cúig cinn san iomlán rátáil idir 'ar fheabhas' (9 as 10 ar a laghad) agus 'sármhaith' (9.5 as 10 ar a laghad) agus fuair Coláiste Mhuire Gan Smál an rangú is fearr in Éirinn.

# 14-15BUAICPHOINTI




Ó Chlé ar an mbarr:
Artbeat; Litríocht um Chaillteanas; Comhráite Oscailte; Comhdháil Geoiméadrachta na hÉireann 2015; Tumoideachas; Comhdháil McAuley; Comhdháil Iarchéime agus ESS.

## COMHDHÁLACHA & SEIMINEÁIR

Reachtáil an Coláiste comhdhálacha, seimineáir agus léachtaí poiblí náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla i rith na bliana, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Artbeat – Seóthaispeántas de shaothar nuálach na nEalaíontóirí Cónaithe i gCMgS
- Sraith Seimineár an Lárionaid um Thaighde Stairiúil
- Sraith Comhráite an Fhómhair ar an gCuibhreannas
- Comhthionól d'Eolaíocht agus Teicneolaíocht Fuaime na hÉireann (á reachtáil i gcomhar le OL)
- Comhdháil um Thuiscint Chorpraithe agus Domhain an Duine
- Siompóisiam um Eitic, Polaitíocht agus Sláinte
- Comhdháil ar an Suirbhé Sóisialta Eorpach
- DNA Luimnigh Dhomhanda
- Fóram Teagaisc agus Foghlama Ardoideachais Uileghabhálaigh
- Feabhas á chur ar Litearthacht Luathghráid Leanaí sna Tíortha is Boichte
- Scoil Samhraidh Modhanna Taighde Idirnáisiúnta
- An chéad léacht d'Institiúid um Léann Caitliceach na hÉireann; On Holy Ground: The Theory and Practice of Religious Education
- Sraith Léachtaí Am Lón d'Institiúid um Léann Éireannach na hÉireann
- Comhdháil Geoiméadrachta na hÉireann
- Comhdháil Eolaíochta agus Teicneolaíochta Fuaime na hÉireann (ISSTC)
- Comhdháil Taighde Iarchéime Luimnigh
- Litríocht um Chaillteanas
- An Ghotais á hAimsiú
- Comhdháil McAuley: Oideachas i nGéarchéim
- Seóthaispeántas Taighde CMgS
- Seimineár an Fhóraim Náisiúnta um Fheabhsú ar Theagasc & Foghlaim: Bonn fianaise á thógáil don oideolaíocht dhigiteach fheabhsaithe um fhoghlaim ar líne
- Seimineár an Fhóraim Náisiúnta um Fheabhsú ar Theagasc & Foghlaim: Tuiscint a fháil ar Aistrithe Rochtana agus Tacaíocht a Thabhairt Dóibh i gCúrsaí Ardoideachais
- Sraith Comhráite Oscailte – Saoránacht Ghníomhach: Cad is féidir liom a dhéanamh le hionchur a bheith agam i mo thír?
- Síceolaíocht an Oideachais
- Sraith Léachtaí Poiblí TRS: Beatha an Duine: Bronntanas nó Acmhainn
- Tumoideachas – An Chéad Chomhdháil Taighde Trasteorann ar Thumoideachas
- Siompóisiam Beagnach Ann – An bhfuilimid ar an mbóthar le taithí ealaíon fhiúntacha a thabhairt do leanaí i scoileanna?

# RANNPHÁIRTÍOCHT POBAIL & CULTÚIR



Sa ghrianghraf leis an Uachtarán Micheál D Ó hUiginn agus a bhean chéile Sabine tá Anne-Marie Morrin, Léachtóir Físealaíon, CMgS; Laura McNamara, Bunscoil Chathair Dháibhín agus Kieran McDonnell, Tionscadal Scoileanna Luimnigh.

Lean Coláiste Mhuire Gan Smál ar aghaidh lena rannpháirtíocht mhór i gclár Chathair Chultúir Luimnigh agus páirt á glacadh i gcuid mhór tionscadal shuntasacha lena n-áirítear 'Bliain le Bíobla Naomh Eoin'. I rith na bliana thug na céadta duine cuairt ar an gColáiste chun breathnú ar an mbíobla, chun freastal ar na ceardlanna ealaíne agus callagrafaíochta, na léachtaí poiblí agus na machnaimh ar na tuiscintí sa Bhíobla.

Lean 'Particles or Waves', tionscadal ilghnéitheach a chruthaigh Anne Marie Morrin agus Niall Quinn (CMgS) i gcomhar le Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh agus na healaíontóirí Cleary agus Connolly ag mealladh na mílte duine chun breathnú ar an saothar ealaíne lán léargais a bhí ar taispeáint i lánaí Luimnigh. Cuairteoir iomráiteach ba ea Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUiginn.



An tAire Oideachais & Scileanna, Jan O'Sullivan T.D. ag an lainseáil is déanaí de Bualadh Bos a bhí ar siúl i gColáiste Mhuire Gan Smál, sa ghrianghraf le húdar leanaí Emma Fisher, Aoife Doyle, as Bunscoil Tionscadail Luimnigh agus Ashlene McFadden de chuid Fidget Feet gléasta mar cheann de na síofraí ó 'The Elves and the Shoemaker'.

Bhí ról lárnach ag Amharclann Chrann Teile atá suite i gCMgS, sa mhéid a bhain clár Chathair Náisiúnta Chultúir Luimnigh 2014 amach agus imeachtaí clúiteacha éagsúla á reáchtáil aici ar nós léiriú de chuid Druid de The Colleen Bawn; Sadler's Well/léiriú den scoth de Still Current de chuid Russell Maliphant; léiriú na Mainistreach de chuid Sive le John B Keane; première an domhain de The Unlucky Cabin Boy agus The Oldest Woman in Limerick, gan ach beagán a lua. Chomh maith leis sin reachtáil Amharclann Chrann Teile an chéad fhéile amharclainne leanaí riamh, Bualadh Bos. Ghlac 3,324 leanbh ar an iomlán páirt san fhéile agus bhí siad rannpháirteach inti, a lainseáil an tAire Oideachais & Scileanna, Jan O'Sullivan, agus bhí sé ar siúl i rith mhí Dheireadh Fómhair. Roimhe seo, ní raibh féilte mar seo ar fáil ach amháin i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh agus d'éirigh chomh maith sin le Bualadh Bos 2014 go leanfar ar aghaidh leis arís in 2015.



Sa ghrianghraf ag an lainseáil de 'an Ghotais á haimsiú' bhí an tOll. Michael A Hayes, Uachtarán; An Dr Maria Beville (CMgS; Comheagraí Comhdhála agus Féile), an Dr Maria Hinfelaar, Uachtarán ITL agus an Dr Tracey Fahey (ITL; Comheagraí Comhdhála agus Féile).

Ba chomhshaothar ollmhór agus uaillmhianach é 'An Ghotais á hAimsiú' idir CMgS agus Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh a bhí urraithe ag Cathair Chultúir Luimnigh. Bhí réimse d'imeachtaí spreagúla ar siúl le linn an imeachta a mhair ceithre lá agus bhí comhdháil ar siúl freisin leis an ainm céanna agus bhí 70 toscaire idirnáisiúnta i láthair ón Nua-Shéalainn, an Astráil, an Afraic Theas, Meicsiceo, na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil, an Spáinn, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn, agus an Ghearmáin.



Lá Oscailte na dTeaghlach

Bhí an chéad Lá Oscailte na dTeaghlach ar siúl ag CMgS i mí Dheireadh Fómhair nuair a osclaíodh an campas do theaghlaigh, do chomharsana agus do chairde. San áireamh sna gníomhaíochtaí a bhí ar siúl i rith na hiarnóna bhí ceol beo, taispeántais ealaíne, ceardlanna le puipéid a dhéanamh, siamsaíocht sorcais, margaí bia ceardaí agus turais ar an gcampas.

# 14-15BUAICPHOINTI



Taispeántas 'Beagnach Ann'

I mí Dheireadh Fómhair reachtáil CMgS taispeántas 'Beagnach Ann', taispeántas náisiúnta ar camchuairt de shaothar a chruthaigh ealaíontóirí, leanaí agus múinteoirí trí áiteanna cónaithe ar líne.



Seachtain an CHÓID

Mar chuid de Sheachtain an Chóid (11-17 Deireadh Fómhair), tionscnamh AE chun an códú a chur chun cinn agus a spreagadh san Eoraip, reachtáil Niamh Armstrong, Uasal, agus an Dr Ronan Flatley, Roinn na Matamaitice & Staidéar na Ríomhaireachta, sraith de cheardlanna sa chódú trí shúgradh agus spraoi do leanaí bunscoile áitiúla.



Sa ghrianghraf ó chlé go deas: Philippe Milloux, Stiúrthóir, Alliance Française in Éirinn; A Shoilse, Monsieur Jean-Pierre Thebault, Ambasadóir na Fraince go hÉirinn; An tOll. Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; Kate Fleming, Uachtarán Alliance Française de Limerick; An Comhairleoir Michael Sheahan, Méara Luimnigh agus an Dr Loic Guyon, Ceann Roinn Léann na Fraincise, CMgS.

Cheiliúir Alliance Alliance Française de Limerick, i gcomhpháirtíocht le Roinn Léann na Fraincise i gCMgS, comóradh 70 bliain i gCMgS i mí Dheireadh Fómhair.



An tOll. Michael A Hayes sa ghrianghraf le Nóirín Williams Mooney agus a fear céile Brian Mooney.

Thug Nóirín Williams Mooney, ealaíontóir atá lonnaithe sa Chlár, bronntanas de bhailiúchán de 14 phictiúr baitíce ar Shaol Chríost dar teideal 'Story of a Life' don Choláiste. Clúdaíonn an bailiúchán, a ghlac níos mó ná dhá bhliain le cur i gcrích, roinnt de na príomhimeachtaí, parabail agus míorúiltí i saol Chríost. Cuireadh an bailiúchán iontach ar taispeáint go poiblí i mí na Nollag agus tá sé anois mar chuid den Bhailiúchán Ealaíne Buan sa Choláiste.

Bhí imeachtaí éagsúla ar siúl le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Bhunú an Choláiste (8 Nollaig) lena n-áirítear an première dár nAintiún Náisiúnta 'Rosc Catha an Choláiste', a léirigh mic léinn B Oid. de chuid na tríú bliana i séipéal an Choláiste. Tugadh bunliricí an phíosa seo don Chumadóir Cónaithe, Anne-Marie O'Farrell, a chum an tséis, an fhorshéis, dordlíne agus an tionlacan ansin.



Chuir MIDAS (Cumann Ealaíon Drámaíochta Choláiste Mhuire Gan Smál) a lucht féachana faoi gheasa arís nuair a léirigh siad Les Misérables a bhí draíochtúil – do lucht féachana a bhí díolta amach in Amharclann Chrann Teile.



Sa ghrianghraf, ó chlé go deas: Páidí Ó Lionáird, TG4 agus Cathaoirleach Bhord Fondúireachta CMgS; Seán McMahon, Uachtarán an INTO; An Comhairleoir Michael Sheahan, Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh agus an tOll. Michael A Hayes, Uachtarán CMgS.

Ag Dinnéar Ceiliúrtha na Fondúireachta de chuid Choláiste Mhuire Gan Smál, a bhí ar siúl Dé Sathairn, 7 Márta (2015) in Óstán an Strand, Luimneach, bhí os cionn 200 de chomhpháirtithe gnó agus sibhialta de chuid CMgS bailithe le chéile chun tacú leis na forbairtí sa Choláiste agus chun iad a cheiliúradh.



Sa ghrianghraf ag lainseáil Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil de chuid Luimnigh bhí Grace Cameron, Cumarsáid Chorparáideach, CMgS; An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach agus Yvonne Lane, Comhordaitheoir Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil de chuid Luimnigh.

Bhí Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil de chuid Luimnigh ar siúl arís don chúigiú bliain ón 23 – 29 Márta, agus ba é 'Foghlaim le haghaidh Slí Maireachtála Dearfaí' an téama a bhí ann. Bhí lúcháir ar CMgS bheith rannpháirteach arís san fhéile nuálach seo agus reáchtáil sé imeachtaí éagsúla a bhí saor in aisce ar nós ceardlanna amharclainne, léiriú scannán, mearfhoghlaim, siompóisiam ealaíne agus ceardlanna síceolaíochta.

# CÚRSAÍ SPÓIRT



Camógaíocht
Buaiteoirí de Roinn 2 den tSraithchomórtas
Buaiteoirí de Chorn Purcell (Roinn 2 den Chraobhchomórtas)
Buaiteoirí an Chraobhchomórtais Idirmheánaigh

Peil Ghaelach na bhFear
Buaiteoirí Chorn Rory O'Connor (Roinn 2 den Chraobh-chomórtas do lucht na chéad bhliana)

Cispheil na mBan
Buaiteoirí Roinn 3 de Chraobh na hÉireann

Sacar na bhFear
Buaiteoirí Chorn Spillane











# 14-15BUAICPHOINTI

## SEARMANAIS BHRONNTA











Ba léir caighdeán na n-ardscoláireachtaí i gColáiste Mhuire Gan Smál i mbliana mar bronnadh dámhachtainí acadúla ar bheagnach 1,000 mac léinn as 23 tír agus 3 mhór-roinn ar fud an 27 clár de chuid an Choláiste (agus ní raibh taighde aonair ag an leibhéal MA agus PhD san áireamh) a léiríonn na réimsí acadúla éagsúla de staidéar atá ar fáil sa Choláiste.

Ní hamháin gur bronnadh dámhachtainí ar mhic léinn faoi na ceithre chlár Bunchéime, dioplóma, dioplóma iarchéime agus cláir mháistreachta de chuid an Choláiste – lena n-áirítear an chéad chohórt den Mháistreacht Ealaíon sa Chleachtas Idirnáisiúnta um Fhorbairt – ach i mbliana bronnadh 13 mhac léinn le dámhachtainí PhD.

I measc na mac léinn ar bronnadh céim orthu bhí an cohórt deiridh den chlár B Oid. (Múinteoireacht Bhunscoile) trí bliana mar tar éis athbhreithniú a bheith déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta rinneadh athchoincheapú ar an gClár B Oid. a bhunú agus bogadh an chéim ó chlár trí bliana go dtí clár ceithre bliana in 2012.

I measc na mac léinn ar bronnadh céim orthu i gcláir bhunchéime an Choláiste agus i gclár Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile), fuair 61 mac léinn Céadonóracha. Mar aitheantas ar cé chomh maith agus a d'éirigh leo go hacadúil, bronnadh Scoláireacht Iarchéime Uachtaráin de chuid Choláiste Mhuire Gan Smál ar gach mac léinn don Bhliain Acadúil 2014 – 2015 ina mbeadh sé nó sí in ann tabhairt faoi staidéar iarchéime in CMgS ag leibhéal Dioplóma Iarchéime, Máistreachta Teagaisc nó Máistreachta Taighde.




Easpag Lumnigh, an tOir. Brendan Leahy sa ghrianghraf le Mairéad Farrell.

Rud an-suntasach ná go bhfuair Mairéad Farrell as Longfort seacht ndámhachtain as an méid suntasach a bhain sí amach lena n-áirítear Bonn Coláiste don chéad áit sa tSíceolaíocht; Bonn Coláiste leis an gcéad áit a bhaint amach sa chlár Baitsiléara Oideachais san Oideachas & Síce-olaíocht; Duais Carlisle & Blake, a bhronn an Roinn Oideachais agus Scileanna don chéimí ar a mbronntar an chéad áit san Oideachas, Teoiric agus Cleachtas; an Duais Bonn Vere Foster, bronnta ag an INTO don chéad áit sa Chleachtas Teagaisc agus Oideachas Curaclaim; bonn an Teastais san Oideachas Reiligiúnach, bronnta ag an Easpag Brendan Leahy, thar ceann Dheoise Luimnigh as ucht an chéad áit a bhaint amach sa Teastas san Oideachas Reiligiúnach; Comhaltacht Kieran Burke agus Scoláireacht Frostburg (bronnta ag Dámh Oideachais an Choláiste i gcomhar le hOllscoil Stát Frostburg in Maryland, Stáit Aontaithe Mheiriceá).



Céimí B Oid. Jamie Wall sa ghrianghraf le roinnt dá chomh-mhic léinn.

Tar éis tinnis a tharla go tobann dhúisigh Jamie Wall, céimí B Oid., maidin amháin agus ní raibh sé in ann a chosa a bhogadh agus chaill sé an chumhacht iontu. Mar pheileadóir tréitheach agus iománaí as Corcaigh agus é ina bhall d'Fhoireann Mhic Giobúin CMgS 2013, níl sé cloíte agus tá sé meáite ar bheith in ann siúl arís.



Sa ghrianghraf sa líne ar chúl ó chlé go deas: An tOll. Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, CMgS; Carmel Ronan, Treoirchomhairleoir Choláiste Breisoideachais Luimnigh; Arlene Douglas, Stiúrthóir Cúnta Oideachais Aosaigh / Ceann na Meán de chuid Choláiste Breisoideachais Luimnigh; Pat Maunsell, Stiúrthóir Choláiste Breisoideachais Luimnigh; Ivan Coughlan, Aiveen O'Shea agus Jennifer Wall, Coláiste Breisoideachais Luimnigh. Líne chun tosaigh ó chlé go deas: Mary Margaret O'Dea; Jennifer Levey; Seamus Hogan; Stephanie Ryan; an Comhairleoir Michael Sheahan, Méara Luimnigh; Mary Elizabeth Sheehan agus Ann Nix.

Bhain ocht mac léinn a bhí i gColáiste Breisoideachais Luimnigh roimhe seo, céim amach sa chlár BA sna Saorealaíona i mí Dheireadh Fómhair. Tar éis staidéar a dhéanamh ar an Iriseoireacht i gColáiste Breisoideachais Luimnigh ar feadh bliain amháin d'éirigh leo fáil isteach sa Chlár Saorealaíon mar gur éirigh leo dámhachtain Fetac/QQI iomlán a bhaint amach le ceithre phas le gradam ar a laghad as liosta modúl atá leagtha síos. Tharla an comhaontú seo mar gheall ar an bpróiseas comhoibrithe suntasach idir Coláiste Breisoideachais Luimnigh agus CMgS.







# LÍON NA MBRONNTA CÉIMEANNA DO 2014

| CÚRSA | AN LÍON A BHAIN CÉIM AMACH |
|---|---|
| Baitsiléir sna Dána | 196 |
| Baitsiléir Oideachais | 416 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus Síceolaíocht | 27 |
| Baitsiléir sna Dána i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige | 65 |
| Baitsiléir sna Dána i Léann an Oideachais | 1 |
| Máistreacht sna Dána i gCeannaireacht Chríostaí | 1 |
| Máistreacht sna Dána i dTeanga agus Litríocht an Nua-Bhéarla | 10 |
| Máistreacht sna Dána sa Chleachtas Idirnáisiúnta um Fhorbairt | 3 |
| Máistreacht sna Dána sa Stair | 8 |
| Máistreacht sna Dána i Staidéar na Meán | 2 |
| Máistreacht sna Dána sa Síceolaíocht Oideachasúil | 11 |
| Máistreacht sna Dána i Léann na Diagachta | 6 |
| Máistreacht sna Dána sa Taighde agus Tráchtas | 5 |
| Máistreacht Oideachais (Staidéar Gairmiúil san Oideachas) | 4 |
| Máistreacht Oideachais | 14 |
| Máistreacht Oideachais san Oideachas Aosaigh agus sa Bhreisoideachas | 2 |
| Máistreacht Oideachais sna Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide san Oideachas Bunscoile | 8 |
| Máistreacht Oideachais i Riachtanais Speisialta Oideachais | 3 |
| MA sa Taighde agus Tráchtas Oideachais | 1 |
| MA san Oideachas agus sna hEalaíona | 4 |
| Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais | 49 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile) | 63 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Luath-Óige | 1 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas agus sna hEalaíona | 1 |
| Dioplóma Iarchéime sa Staidéar Gairmiúil san Oideachas | 4 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosaigh agus sa Bhreisoideachas | 10 |
| Dioplóma Iarchéime sa Staidéar Gairmiúil san Oideachas | 10 |
| Teastas sa Chúram & Oideachas Uileghabhálach | 23 |
| Dochtúireacht Fealsúnachta (na hEalaíona) | 10 |
| Dochtúireacht Fealsúnachta (Oideachas) | 3 |
| Líon iomlán na gCéimithe | 961 |

# **LÍON NA MAC LÉINN** DON BHLIAIN ACADÚIL 2014-15

| Cineál | Lánaimseartha | Páirtaimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **BUNCHÉIM** | | | |
| Teastas | 0 | 39 | 39 |
| Céim Onóracha (L8) | 2579 | 0 | 2579 |
| **Líon Iomlán na mBunchéimithe** | **2579** | **39** | **2618** |
| **IARCHÉIM** | | | |
| Teagasc | 0 | 6 | 6 |
| Diopléma | 150 | 6 | 156 |
| Máistreacht Mhúinte | 187 | 94 | 281 |
| Máistreacht trí Thaighde | 19 | 0 | 19 |
| PhD | 93 | 1 | 94 |
| Ócáideach | 0 | 0 | 0 |
| Cáilíocht Oiliúna Ghairmiúil | 0 | 0 | 0 |
| **Líon Iomlán na nIarchéimithe** | **449** | **107** | **556** |



# ÚSÁID FUINNIMH


**Léargas ar an Úsáid Fuinnimh in 2014-2015**

Agus ardú leanúnach i líon na mac léinn, na mball foirne, an spáis agus na n-imeachtaí agus mar gheall ar rath leanúnach Amharclann Chrann Teile, is fiú go mór na baill foirne um fhuinneamh agus a gcóras bainistíochta ar fhuinneamh agus leanann úsáid fuinnimh ar an iomlán i gColáiste Mhuire Gan Smál (CMgS) ag titim.

I rith 2015, d'ídigh CMgS 6,063 MWh d'fhuinneamh ina raibh:
- 1,993 MWh de leictreachas,
- 4,070 MWh* de ghás nádúrtha,
- 4.5 MWh de bhreoslaí iompair (díosal)

*Tabhair faoi deara go gclúdaíonn na figiúirí seo meastacháin d'úsáid gáis mar chuir príomhscide/príomh-shreabhmhéadar gáis a bhí lochtach sonraí bréige ar fáil do Mheitheamh - Lúnasa 2015. Rinneadh meastachán den mhéid gáis a úsáideadh, ag baint úsáide as sonraí turgnamhacha, i rith na tréimhse sin. Chuir Bord Gáis an príomhscide gáis nua isteach in 2016.

# CAIRT EAGRAÍOCHTA



# NA CUNTAIS

**Coláiste Mhuire gan Smál**
**Ollscoil Luimnigh**

## CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

| | Nóta | 2015 Euro | 2014 Euro |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais | 1 | 8,760,978 | 7,357,202 |
| Táillí na Mac Léinn | 2 | 16,044,370 | 14,920,194 |
| Scaoileadh Ioncaim Iarchurtha | 8 | 52,407 | 28,454 |
| Ioncam Eile | 3 | 1,921,456 | 1,995,322 |
| Cláir Taighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-d) | 2,566,402 | 2,651,376 |
| Maoiniú Neamh-Iarchurtha do Phinsin | 14(b) | 6,394,082 | 6,311,334 |
| **Ioncam Iomlán** | | 35,739,695 | 33,263,882 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | 9 | 1,514,062 | 1,667,637 |
| | | 37,253,757 | 34,931,519 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Oibriúcháin | 4 | (25,482,428) | (25,864,620) |
| Costais Phinsin | 14(c) | (8,049,493) | (7,890,567) |
| Cláir Taighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-d) | (2,566,402) | (2,651,376) |
| **Caiteachas Iomlán** | | **(36,098,323)** | **(36,406,563)** |
| **(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin don bhliain** | | **1,155,434** | **(1,475,044)** |
| **CÚLCHISTÍ** | | | |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Forbartha | 10 | (711,774) | 10,850 |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Cóiríochta | 11 | (156,323) | (78,596) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Forbartha Leabharlainne | 12 | (30,146) | (14,015) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Acadúil/Taighde | 13 | (52,407) | 73,022 |
| | | (950,650) | (8,739) |
| (Easnamh) iomlán don bhliain | | 204,784 | (1,483,783) |
| Barrachas Cúlchiste Carntha | | 1,899,733 | 3,383,516 |
| Barrachas Cúlchiste Carntha amhail an 30 Meán Fómhair 2015 | 2,104,517 | 1,899,733 | |

**Thar ceann An Údaráis Rialaithe**

**An tEaspag Brendan Leahy**

An tEaspag Brendan Leahy
Cathaoirleach
Dáta: 11 Samhain 2016

**John Coady**

John Coady, Uasal
Leas-Uachtarán ar Riarachán & Airgeadas

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL